**Leasú 4**
**Marina Mesure, Leila Chaibi, Manon Aubry, Younous Omarjee**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**Tuarascáil** **A9-0151/2024**
**Nicolás González Casares**
Dearadh an mhargaidh leictreachais san Aontas: Treoir
(COM(2023)0148 – C9-0038/2024 – 2023/0077B(COD))

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 7 a (nua)**
Treoir (AE) 2019/944
Airteagal 31 b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(7a) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:*** |
| | ***“Airteagal 31b*** |
| | ***Soláthróir leictreachais náisiúnta aonair*** |
| | ***1. Féadfaidh na Ballstáit an cúram a dheonú don oibreoir náisiúnta dáileacháin nó don oibreoir córais tarchurtha chun bheith ina sholáthróir leictreachais aonair do na tomhaltóirí deiridh uile ar chríoch an Bhallstáit sin.*** |
| | ***2. Má chomhlíonann oibreoir córais tarchurtha cúram an tsoláthróra leictreachais aonair atá ag oibriú sa Bhallstát sin, bunóidh sé praghas leictreachais arna íoc ag tomhaltóirí deiridh bunaithe ar ghlan-mheánchostas an leictreachais arna tháirgeadh sa Bhallstát, amúchadh infheistíochtaí nua i nginiúint agus i stóráil leictreachais, glanchostas allmhairithe leictreachais, cánacha is infheidhme agus rochtain ar an eangach.*** |
| | ***3. Beidh an praghas a shocróidh an t-oibreoir córais tarchurtha nó dáileacháin atá ag gníomhú mar sholáthróirí náisiúnta leictreachais i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos i mír 2, gan dochar don taraif arna bunú ag an oibreoir córais tarchurtha i*** |

***gcomhréir le hAirteagal 18 chun an infheistíocht uile is gá a dhéanamh ar an eangach agus ar na hacmhainní stórála leictreachais.***

***4. Beidh an praghas comhionann a shocraítear i gcomhréir le mír 2 gan dochar don scéim speisialta praghsála is infheidhme maidir le teaghlaigh atá buailte ag bochtaineacht fuinnimh agus gnóthais dianfhuinnimh."***

Or. en

*(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=celex%3A32019L0944)*

**Leasú 5**
**Marina Mesure, Leila Chaibi, Manon Aubry, Younous Omarjee**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**Tuarascáil** **A9-0151/2024**
**Nicolás González Casares**
Dearadh an mhargaidh leictreachais san Aontas: Treoir
(COM(2023)0148 – C9-0038/2024 – 2023/0077B(COD))

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 5**
Treoir (AE) 2019/944
Airteagal 28a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Áiritheoidh na Ballstáit go gcosnófar custaiméirí leochaileacha ó dhícheangal leictreachais. Soláthrófar ***an méid sin mar chuid de choincheap na gcustaiméirí leochaileacha de bhun Airteagal 28(1) den Treoir seo agus gan dochar do na bearta a leagtar amach in Airteagal 10(11)***. | Áiritheoidh na Ballstáit ***go mbeidh cosc ar*** dhíscor leictreachais ***FBManna, eagraíochtaí carthanachta agus teaghlach***. |
| | ***Ní lú an chumhacht*** a sholáthraítear ***do theaghlaigh ná 9kVa ar a laghad choíche, ná acmhainneacht cumhachta níos fearr mura leor 9 kVa chun bunriachtanais agus dínit an duine a áirithiú, amhail téamh uisce, téamh, fuarú agus cócaireacht, agus rochtain ar theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide ag an am céanna***. |
| | ***Ní chuirfidh an chumhacht a sheachadfar chun FBManna bac ar an gcuideachta a gníomhaíochtaí a dhéanamh.*** |

Or. en

4.4.2024A9-0151/6

**Leasú 6**
**Marina Mesure, Leila Chaibi, Manon Aubry, Younous Omarjee**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**Tuarascáil** **A9-0151/2024**
**Nicolás González Casares**
Dearadh an mhargaidh leictreachais san Aontas: Treoir
(COM(2023)0148 – C9-0038/2024 – 2023/0077B(COD))

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 10 a (nua)**
Treoir (AE) 2019/944
Airteagal 66 b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(10a) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:*** |
| | ***"Airteagal 66b*** |
| | ***Measúnú ar an tionchar ar léirscaoileadh na hearnála fuinnimh*** |
| | ***Faoin... [1 bhliain ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe EMD], foilseoidh an Coimisiún staidéar mionsonraithe ina ndéanfar anailís ar na héifeachtaí ar an bpraghas a íocann na tomhaltóirí deiridh, ar fhorbairt na hacmhainneachta giniúna leictreachais agus ar cháilíocht na seirbhíse a thugtar do thomhaltóirí deiridh i ngach Ballstát, agus cuirfidh sé i gcomparáid é le leibhéal phraghas agus cháilíocht na seirbhísí roimh an léirscaoileadh sin ar earnáil an fhuinnimh.*** |
| | ***Measúnóidh an Coimisiún go sainráite, i gcás na mBallstát agus ar leibhéal an Aontais araon, an bhféadfaí na cuspóirí thuasluaite a bhaint amach ar shlí níos fearr le monaplacht phoiblí ar tháirgeadh, le chéile agus ar leith ó sholáthar, le linn giniúint leictreachais a imscaradh, praghsanna a laghdú agus cáilíocht na seirbhíse a sholáthraítear."*** |

Or. en

*(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A02019R0943-20220623)*

**Leasú 7**
**Marina Mesure, Leila Chaibi, Manon Aubry, Younous Omarjee**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**Tuarascáil** **A9-0151/2024**
**Nicolás González Casares**
Dearadh an mhargaidh leictreachais san Aontas: Treoir
(COM(2023)0148 – C9-0038/2024 – 2023/0077B(COD))

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 10 b (nua)**
Treoir (AE) 2019/944
Airteagal 66 c (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(10b) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:*** |
| | ***"Airteagal 66c*** |
| | ***Rochtain ar phraghsanna leictreachais inacmhainne agus cobhsaí trí phraghsanna rialáilte do thomhaltóirí deiridh.*** |
| | ***1. Is féidir leis na Ballstáit praghas miondíola rialáilte leictreachais a shocrú agus a chur i bhfeidhm ar thomhaltas iomlán leictreachais na dtomhaltóirí deiridh uile ar mian leo an tairiscint sin a roghnú, lena n-áirítear teaghlaigh, gnóthais, eagraíochtaí carthanúla agus údaráis phoiblí.*** |
| | ***2. Tá gach tomhaltóir leictreachais deiridh incháilithe i gcomhair an phraghais rialáilte sin mura mian leo tairiscint atá bunaithe ar an margadh a roghnú.*** |
| | ***3. Freagróidh an praghas miondíola rialáilte do mheánphraghas náisiúnta an leictreachais lena n-áirítear costas allmhairí leictreachais, cánacha is infheidhme agus rochtain ar ghréasán. Ríomhfaidh rialtóirí fuinnimh náisiúnta an praghas sin gach sé mhí.*** |

***4. Féadfaidh na Ballstáit praghas rialáilte leictreachais a shocrú faoin bpraghas a shocraítear i gcomhréir le mír 3 nuair a tháinig méadú 15% ar an bpraghas sin le linn na bliana roimhe sin.***

***5. Ní ghearrfaidh a soláthróir reatha táille ar na tomhaltóirí deiridh ar mian leo a soláthróir a athrú chun praghas miondíola rialáilte den sórt sin a úsáid.”***

Or. en

*(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=celex%3A32019L0944)*